An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# LEABHRÁN EOLAIS d'IARRTHÓIRÍ

# Leas-Stiúrthóir Rialachais agus Straitéise

## Ábhair

02 Réamhrá ar an gComhairle Mhúinteoireachta
02 An Ról
04 Critéir Mheasúnaithe Iarrthóra
07 Téarmaí agus Coinníollacha

# Eolas d'Iarrthóir

## Réamhrá ar an gComhairle Mhúinteoireachta

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta, a bunaíodh i mí an Mhárta 2006, rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é ról na Comhairle an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.

Déanann an Chomhairle é seo trí chlárú reachtúil múinteoirí, lena gcinntítear gairm mhúinteoireachta ardcháilithe, a gcomhlíonann a ball caighdeáin arda inniúlachta agus iompair ghairmiúil.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag iarraidh folúntas an Leas-Stiúrthóra Rialachais agus Straitéise (Príomhoifigeach) a líonadh.

## An Ról

| | |
|---|---|
| **Teideal an Phoist:** | Leas-Stiúrthóir Rialachais agus Straitéise (Príomhoifigeach) |
| **Stádas:** | Buan Lánaimseartha |
| **Cuideachta:** | An Chomhairle Mhúinteoireachta |
| **Suíomh:** | Comhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara, W23 Y7X0 |

Beidh an post Leas-Stiúrthóra nuachruthaithe seo freagrach go díreach don Stiúrthóir agus mar phríomhbhall den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearach, beidh ról ríthábhachtach acu maidir le creataí rialachais láidre a chinntiú agus treo straitéiseach na heagraíochta a stiúradh.

Oibreoidh an sealbhóir poist agus Bainisteoirí Rannóige as lámha a chéile chun treoir agus ceannaireacht a sholáthar i roinnt réimsí feidhmiúla lena n-áirítear Beartas agus Cumarsáid, Cúrsaí Corparáideacha agus AD, Airgeadas agus TF agus Claochlú Digiteach agus, dá réir sin, beidh roinnt tuarascálacha díreacha acu.

Áireofar leis an ról oibriú go dlúth leis an gComhairle, leis an mbainistíocht, agus le príomhpháirtithe leasmhara chun cáilíocht agus gairmiúlacht na múinteoireachta in Éirinn a chur chun cinn.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cuireann sí fáilte roimh iarrthóirí atá cumasach sa Ghaeilge, nó a bhfuil spéis acu cur lena gcumas sa Ghaeilge.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí an Róil

**Áirítear leis na dualgais agus freagrachtaí atá ag baint leis an ról seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas:**

- An pleanáil straitéiseach, cur i bhfeidhm, agus bainistiú oibríochtúil a bhaineann le réimsí feidhmiúla iomadúla a stiúradh, lena n-áirítear Beartas agus Cumarsáid, Cúrsaí Corparáideacha agus AD, Airgeadas agus TF agus Claochlú Digiteach.
- Oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí chun straitéisí a thacaíonn le cuspóirí fadtéarmacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus freagairt ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta agus na hearnála oideachais.
- Comhairle straitéiseach maidir le saincheisteanna ríthábhachtacha, treochtaí, agus beartais a bhfuil tionchar acu ar rialú agus ar mhúinteoireacht ghairmiúil in Éirinn, lena n-áirítear rialachas

straitéiseach, airgeadas straitéiseach agus bainistiú riosca a sholáthar don Stiúrthóir agus do chomhaltaí na Comhairle.

- Maoirseacht straitéiseach ar chreat agus ar nósanna imeachta rialachais na heagraíochta a sholáthar.
- Maoirseacht a sholáthar agus comhairle a thabhairt don Stiúrthóir maidir le gach gné d'airgeadas straitéiseach agus oibríochtúil.
- Maoirseacht a sholáthar agus comhairle a thabhairt don Stiúrthóir maidir le cumarsáid straitéiseach.
- Maoirseacht a sholáthar agus comhairle a thabhairt don Stiúrthóir maidir le dea-chleachtas agus cleachtas atá ag teacht chun cinn in ICT agus sa chlaochlú digiteach.
- Ceannaireacht a sholáthar do roinnt tuarascálacha díreacha ar fud réimsí feidhmiúla, ag cinntiú comhoibriú agus comhordú éifeachtach i measc foirne chun cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach.
- Tosaíochtaí i gcomhaontú leis an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir (Oibríochtaí) a bhunú agus cuspóirí láidre don eagraíocht a shocrú, monatóireacht a dhéanamh orthu, agus iad a bhaint amach.
- A chinntiú go gtacaítear leis na cinn roinne le treoir shoiléir, acmhainní, agus bainistiú feidhmíochta chun foireann cheannaireachta ardfheidhmíochta a chothú.
- Meantóireacht agus tacaíocht a sholáthar don bhainistíocht shinsearach, ag cinntiú forbairt ghairmiúil na dtuarascálacha díreacha agus cumas ceannaireachta laistigh den eagraíocht a chothú.
- Caidrimh a thógáil agus a chaomhnú le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Comhaltaí na Comhairle, comhlachtaí rialtais, institiúidí oideachasúla, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta le cinntiú go gcuirfear beartais agus cuspóirí straitéiseacha na Comhairle in iúl go héifeachtach ar mhaithe le leas an phobail.
- Oibriú leis na cláraithe agus le páirtithe leasmhara ardleibhéil eile chun smaointe agus tionscnaimh bheartais a ghiniúint a mbeidh tionchar acu ar bheartas, ar chleachtas agus ar fheasacht an phobail acu.
- Gníomhú ar son mhisean agus fhís na Comhairle Múinteoireachta, ag bunú na heagraíochta mar cheannródaí i mbeartas oideachais ábhartha agus caighdeáin ghairmiúla.
- Ionadaíocht a dhéanamh don eagraíocht ag imeachtaí inmheánacha agus seachtracha agus a chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara ábhartha go maith ról na Comhairle Múinteoireachta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme de chreat lena ndéanfar feidhmíocht ar fud gach réimse fheidhmiúil a thomhas agus a fheabhsú, ag cinntiú go bhfuil cuspóirí á mbaint amach agus go bhfuil deiseanna feabhsaithe á n-aithint.
- Oibriú leis an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir (Oibríochtaí) chun cultúr feabhsaithe leanúnaigh, nuálaíochta, agus feabhais a fhorbairt i rialachas agus i gcleachtais oibríochtúla ar fud na heagraíochta.
- Dualgais eile a chur i gcrích de réir mar a fhéadfaidh Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta iad a shannadh.

### Riachtanais Riachtanacha

- Ní mór don iarrthóir rathúil cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu i ndisciplín ábhartha.
- Taithí ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht laistigh d'eagraíochtaí móra agus casta.
- Tuiscint chuimsitheach ar chleachtas rialachais chorparáidigh, i gcomhthéacs na hearnála poiblí agus ar shaincheisteanna straitéiseacha a bhfuil tionchar acu ar chomhlacht rialála in Éirinn.
- Cumas cruthaithe i dtaca le cinntí casta agus dúshlánacha a dhéanamh a thacaíonn le cuspóirí

straitéiseacha agus fís fhadtéarmach.

- Scileanna ceannaireachta cruthaithe agus an cumas foireann a spreagadh chun torthaí inmhianaithe a bhaint amach.
- Cuntas teiste rathúil maidir le hathrú agus claochlú digiteach a bhainistiú.

## Sonraí an Chonartha

Is post buan lánaimseartha leis an gComhairle Mhúinteoireachta é seo. Tá na hoifigí lonnaithe i mBloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0.

Tá socruithe oibre cumaisc ar fáil i gcomhréir le Prótacail na Comhairle Múinteoireachta um Oibriú Cumaisc. Beidh taisteal laistigh d'Éirinn ina riachtanas freisin.

Ina theannta sin, féadfar rannpháirtíocht i gcruinnithe a cheangal mar chuid den ról a d'fhéadfadh a bheith ar siúl sa tráthnóna nó ag an deireadh seachtaine.

## Critéir Mheasúnaithe Iarrthóra

Déanfar iarrthóirí a mheas ar bhonn an chur síos ar an bpost atá leagtha amach thuas, fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach thuas agus an creat inniúlachta d'fhoireann ghráid an Phríomhoifigigh a thaispeántar thíos.

**Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach**

- Déanann siad an fhoireann a stiúradh, lena n-áirítear ardcháilíochtaí a shocrú, aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna feidhmíochta agus ardfheidhmíocht a éascú.
- Éascaíonn siad malartú smaointe oscailte agus cothaíonn siad atmaisféar cumarsáide oscailte.
- Cuireann siad le múnlú stráitéise agus beartais Roinne/Rialtais.
- Forbraíonn siad acmhainn agus inniúlacht ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach.
- Forbraíonn siad cultúr foghlama agus forbartha, lena n-áirítear cóitseáil agus aiseolas fiúntach/tacúil a chur ar fáil.
- Déanann siad an t-ullmhúchán agus cur chun feidhme i dtaca le hathruithe agus leasuithe suntasacha a stiúradh.
- Déanann siad forbairtí san earnáil/sa timpeallacht i gcoitinne a réamh-mheas agus tugann siad aghaidh orthu go pras.
- Comhoibríonn siad go gníomhach le Ranna, le hEagraíochtaí agus le Gníomhaireachtaí eile.

**Breithiúnas agus Cinnteoireacht**

- Aithníonn siad saincheisteanna lárnacha agus díríonn siad orthu agus aghaidh á tabhairt ar fhaisnéis chasta/cúrsaí casta.
- Bailíonn siad fíricí, láimhsíonn siad faisnéis i bhfocail agus uimhriúil, agus déanann siad machnamh stuama ar shaincheisteanna.
- Feiceann siad na ceangail idir saincheisteanna agus tuigeann siad na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla go pras.
- Aithníonn siad réitigh stuama ar shaincheisteanna casta.

- Gníomhaíonn siad, ag glacadh cinntí ar dhóigh thráthúil agus an misneach a léiriú acu chun iad a fheiceáil.
- Déanann siad cinntí stuama agus eolacha, le tuiscint ar a dtionchair agus a n-impleachtaí.
- Déanann siad a ndícheall chun cothromaíocht éifeachtúil a aimsiú idir saincheisteanna na hearnála, gnéithe polaitiúla agus tionchar an tsaoránaigh i ngach cinneadh.

**Bainistiú agus Seachadadh Torthaí**

- Cuireann siad tús le torthaí/seirbhísí a sheachadadh ina réimse féin agus glacann siad freagracht phearsanta astu.
- Aimsíonn siad cothromaíocht idir straitéis agus mionsonra oibríochtúil chun freastal ar riachtanais ghnó.
- Déanann siad cláir oibre iomadúla a bhainistiú agus acmhainní a tharmligean agus a athleithdháileadh chun athruithe ar bhéim a bhainistiú.
- Baineann siad úsáid bharrmhaith as acmhainní agus cuireann siad bearta feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach.
- Cinntíonn siad úsáid bharrmhaith TFC agus samhlacha seachadta nua.
- Déanann siad athbhreithniú criticiúil ar thionscsdail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtúlacht a chinntiú agus chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais Eagraíochtúla leo.
- Déanann siad an tábhacht a bhaineann le héifeachtacht, le luach ar airgead agus le riachtanais rialachais chorparáideacha a chomhlíonadh a chothú.
- Cinntíonn siad go bhfuil aird na foirne dírithe agus go ngníomhaíonn siad de réir tosaíochtaí na bpleananna Gnó, fiú agus iad faoi bhrú.

**Caidrimh a Chothú agus Cumarsáid**

- Labhraíonn siad agus scríobhann siad ar dhóigh shoiléir, líofa agus a théann i bhfeidhm ar dhaoine.
- Éisteann siad go gníomhach, ag iarraidh meon agus dearcadh dhaoine eile a thuiscint.
- Déanann siad coimhlintí/easaontuithe a bhainistiú agus a réiteach ar dhóigh dhearfach agus chuiditheach.
- Oibríonn siad go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, ag aithint agus ag bainistiú na dteannas a eascraíonn as meonta éagsúla de chuid pháirtithe leasmhara.
- Áitíonn siad ar dhaoine eile, cothaíonn siad comhaontú, gnóthaíonn siad comhoibriú ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus spriocanna a bhaint amach.
- Comhoibríonn siad go réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíochta agus ar fud Ranna/Eagraíochtaí eile agus tógann siad líonraí gairmiúla láidre.
- Cuireann siad barúlacha in iúl nuair is é sin a rud ceart a dhéanamh, dar leo.

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Déanann siad scileanna agus saineolas a fhorbairt agus a chaomhnú ar fud roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse féin agus aitheanta ag daoine inmheánacha agus seachtracha de chuid na Roinne/na hEagraíochta.

- Coinníonn siad cothrom le dáta maidir le príomhbheartais roinne, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a bhfuil tionchar acu ar an ról.
- Déanann siad béim ar leith a choinneáil ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna le haghaidh fáis.

**Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí**

- Déanann siad a ndícheall go leanúnach chun feidhmiú ar leibhéal ard.
- Léiríonn siad tiomantas pearsanta i leith an róil, ag caomhnú díograise agus diongbháilteachta, chomh maith le cothromaíocht agus peirspictíocht a léiriú maidir le cúrsaí oibre.
- Cuireann siad go dearfach leis an gclár oibre corparáideach.
- Léiríonn siad iontaofacht, ionracas agus meas ar bhonn pearsanta, ag cur gealltanais agus tiomantais i gcrích.
- Cinntíonn siad go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil.
- Léiríonn siad acmhainneacht, agus a nguaim á coimeád fiú i gcásanna diúltacha nó dúshlánacha.
- Cuireann siad cultúr ina gcothaítear na caighdeáin is airde ó thaobh eitice agus macántachta de chun cinn.

## Téarmaí agus Coinníollacha an Leas-Stiúrthóra

### Pá

Seo a leanas scála phá an Leas-Stiúrthóra:

### Ráta Pá Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

€102,913 €107,280 €111,613 €115,978 €119,661 €123,481[1] €127,295[2]

Beidh feidhm ag an ráta seo nuair is earcach nua chuig an seirbhís phoiblí iad an duine a cheapfar nó gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí iad *a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiadh sin* agus déanann siad ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach. Déanfar an ráta seo a choigeartú de réir scálaí pá athbhreithnithe arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Is Incrimint Fadseirbhíse é LSI 1 tar éis trí bliana ar Uasmhéid an scála.*

***Is Incrimint Fadseirbhíse é LSI 2 tar éis sé bliana ar Uasmhéid an scála.*

**Nóta Tábhachtach:** Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh an iontráil ag íosmhéid an scála agus nach mbeidh sé faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a bhronnadh faoi réir feidhmíochta sásúla agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hincrimintí tuarastail sa Státseirbhís/seirbhís phoiblí go ginearálta. I gcúinsí áirithe, féadfaidh coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí ar seirbhís é an duine ceaptha, díreach roimh an gceapachán. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaí iasachtaí de thréimhse sheasta ó chomhlachtaí eile san Earnáil Phoiblí a bhreithniú.

### Promhadh

Ní mór don duine ceaptha tréimhse phromhaidh a chur isteach, a mhairfidh naoi mí de ghnáth. Má bhíonn seirbhís an duine ceaptha sásúil ó thaobh sláinte, iompair, éifeachtúlachta agus feidhmíochta go ginearálta le linn na tréimhse promhaidh, deimhneofar an ceapachán.

### Dualgais

Ceanglófar ar an duine ceaptha aon dualgais a shanntar ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost.

### Fostaíocht Eile

Is post lánaimseartha é, agus ní fhéadfaidh an duine ceaptha gabháil do chleachtas príobháideach ná baint a bheith aige le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Ní mór soiléiriú a lorg ón mbainistíocht líne má bhíonn aon amhras ann.

### Ceanncheathrú

Tá ceanncheathrú na Comhairle Múinteoireachta lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh an post seo lonnaithe ansin. Tá prótacal oibre cumaisc forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar aon dul leis an gCreat Beartais um Oibriú Cumaisc d'Eagraíocht na Státseirbhíse. Féadfaidh fostaithe iarratas a dhéanamh ar shocrú oibre cumaisc de réir riachtanas eagraíochtúil.

## Uaireanta Tinrimh

Beidh na huaireanta tinrimh socraithe agus ní bheidh siad níos lú ná 35 uair, glan ar shosanna, in aghaidh na seachtaine. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise as tinreamh breise mar go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon dliteanas freastail breise eisceachtúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

## Saoire Bhliantúil

Beidh an méid saoire bhliantúil 30 lá sa bhliain. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

## Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá ar bhonn pro rata le linn saoire bhreoiteachta teistithe de réir forálacha ciorclán ar shaoire bhreoiteachta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan do sheirbhís.

## Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear téarmaí pinsin na seirbhíse poiblí agus coinníollacha aois scoir don duine ceaptha de réir socrú pinsin na Comhairle Múinteoireachta ag brath ar stádas an duine ceaptha rathúil.

Go ginearálta, beidh duine nach bhfuil aon stair inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo aige sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nach bhfuil ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá ó phost inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí ina bhall den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair). Tosaíodh an scéim seo ar an 1 Eanáir 2013 agus tagraítear dó i nGnáth-Ailt 10 de Chomhaontú Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Rialacháin Eile) 2012.

Fanfaidh duine atá ar iasacht ina b(h)all de scéim pinsin na máthair-eagraíochta agus beidh an luach saothair inphinsin bunaithe ar a g(h)rád substainteach i.e., an grád ag a bhfuil an duine fostaithe ina m(h)áthair-eagraíocht.

Beidh téarmaí caighdeánacha pinsin seirbhíse poiblí ag duine a bhí ina b(h)all de 'scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana' mar a fhorléirítear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Pinsin Eile), 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht den Scéim Aonair a léiríonn stádas iontrálaí nua nó neamh-iontrálaí nua chun críocha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004.

## Faisnéis Eile

Ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine ar fheachtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú agus níl ráthaíocht ag dul leis go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach duit, mar sin, a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach mar sin féin go bhfreastalaíonn tú ar agallamh beidh tú ag cur costas neamhriachtanach ort féin.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh le bheith ceaptha don phost seo déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinntiú. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, agus ansin tugann sé/sí é

suas nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

### Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, déileálfar le hiarratais go huile is go hiomlán faoi rún.

### Go bhfuil an iarrthóireacht tarraingthe siar a mheas

Ní bheidh aon éileamh eile ag iarrthóirí nach dtéann ar agallamh nuair agus áit a éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta, nó nach dtugann, nuair a iarrtar sin, cibé fianaise a éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

### Aiseolas maidir leis an bpróiseas

Cuirfear aiseolas ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn tar éis na céime agallaimh. Ní chuirtear aiseolas ar fáil ag an gcéim ghearrliostaithe. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh laistigh de cúig lá oibre tar éis chinneadh na Comhairle a bheith curtha in iúl duit.

### Oibleagáidí Iarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad de bharr canbhásála agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta.
- Canbhasáil duine ar bith le nó gan dreasachtaí.
- Cur isteach ar an bpróiseas nó an próiseas a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú má fhaightear ciontach i gcion é/í. Dlitear fíneáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás ina raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- I gcás nach mbeidh an t-iarrthóir ceaptha chun poist, beidh sé dícháilithe mar iarrthóir; agus
- I gcás ina mbeidh an t-iarrthóir ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

### An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, déanaimid taifead i d'ainm ina bhfuil go leor den eolas pearsanta a chuir tú ar fáil. Tá an fhaisnéis seo faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 nó RGCS 2018, cuir isteach d'iarratas i scríbhinn chuig dpo@teachingcouncil.ie.

Cinntigh le do thoil go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead cuí a aithint. Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair as taifid chun críocha staidrimh ginearálta